

Biseach 2016

Eagarfhocal

Soláthar Oideachais Iarbhunscoile i gCois Fharraige

Dhá bhliain ó shin cuireadh tús le staidéar maidir le soláthar oideachais iarbhunscoile i gceantar Chois Fharraige, féachaint an bhféadfaí an dá scoil iarbhunoideachais sa gceantar – Coláiste Chroí Mhuire ar an Spidéal agus Coláiste Cholmcille in Indreabhán – a chomhnascadh. Cuireadh deireadh tobann leis an próiseas i Márta 2015 nuair a fógraíodh gur léirigh taighde na Roinne Oideachais ‘go mbeidh gá leis an dá scoil a choimeád agus a fhorbairt’ mar ‘go bhfuil fás suntasach le teacht ar líon na scoláirí sa cheantar go dtí 2026’.

Níl aon bhunús leis an gcúis a tugadh deireadh a chur leis an bpróiseas comhnasctha. Tá an dá iarbhunscoil i gCois Fharraige ag braith go príomha ar dhaltai a fháil ón gceantar idir an Spidéal agus Ros an Mhíl agus de réir staitisticí na Roinne Oideachais tá laghdú le theacht ar líon na ndaltai bunscoile sna scoileanna sin idir seo agus 2018/19. Tá dul amú ar an Roinn Oideachais má cheaptar go bhfuil ‘fás suntasach’ le theacht ar líon na scoláirí iarbhunscoile i gCois Fharraige. A mhalairt atá ag tarlú. Anuraidh (2015) idir an dá scoil iarbhunoideachais i gCois Fharraige bhí 414 dalta ar an rolla, i gcomparáid le 370 i mbliana. Tá níos mó tuismitheoirí ag roghnú Choláiste na Coiribe chomh maith le scoileanna eile i nGaillimh thar an dá iarbhunscoil áitiúla. Is deacair locht a fháil orthu. Níl comparáid ar bith idir na háiseanna atá i gColáiste na Coiribe agus na háiseanna atá ar fáil do dhaltai Chois Fharraige sa dá scoil áitiúla. Is féidir le scoil mhór rogha maith ábhar a thairiscint, rud nach féidir le scoil bheag a dhéanamh. Bíonn Coláiste na Coiribe, atá faoin GRETB, ag stocaireacht sna bunscoileanna i gCois Fharraige ag iarraidh daltaí a mhealladh amach as an gceantar, cé go bhfuil Coláiste Cholmcille faoin GRETB céanna!

Tá Plean Teanga beagnach réitithe do cheantar Cois Fharraige. Ní cúnamh ar bith don fhís sa bPlean Teanga go mbeadh sciar mhór de dhaltai Chois Fharraige ag fáil a gcuid oideachais iarbhunscoile i nGaillimh. Ní hamháin go lagaíonn sé an ceangal atá ag na daltaí lena n-áit dúchais ach lagaíonn sé an dá scoil freisin.

Creideann Cumann Forbartha Chois Fharraige go bhfuil daltaí agus tuismitheoirí i gCois Fharraige i dteideal scoil iarbhunoideachais den céad ghrád ar aon dul le Coláiste na Coiribe agus gurb é an bealach le sin a bhaint amach ná an dá scoil bheaga atá ann faoi láthair a chomhnascadh agus scoil amháin a bheith ann a fhéadfaidh freastal ar 500 dalta, ina mbeadh áiseanna den chéad scoth agus rogha leathan ábhar agus leibhéal ar fáil. Ba bhreá linn tuairimí an phobail a fháil faoin gceist.

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Pictiúr ar an gelúdach - Scoil Sailearna 1966

© Cóipcheart ag údair na saothar ambáin

Clóbbuailte ag Clódóirí CL, Casla. www.clprint.ie

An Clár

Ábhar	Lch.
Cumann Forbartha Chois Fharraige	3
Comhrá leis an Aire Stáit Kyne	7
Blácaigh na Tulai	11
Ceird an Fhocail	21
Muintir Mhic Phiarais	26
Ceol agus Ceoltóirí Chois Fharraige	28
Oíche Cheiliúrtha Johnny	32
Mícheál Ó Droighneáin	35
Mo Bheirt Sheanuncailí agus 1916	38
Pádraig Ó Donnghaile	40
Sleachta as Léacht Uí Chadhain	43
Máirín na mBreathnaigh	44
Craobh Mionúir Peile na Gaillimhe 1976	46
Maureen ‘Little Mo’ Connolly	48
Dúnmharuithe Mhám Trasna	50
Sa Bhearna Bhaoil	52
Poitín Mhicil	54
Yanks le Gaeilge	56
Padraic Aniar agus Nótaí Eile	58
Mallacht na Baintrí	60
Roinnt Saothar ó Choláiste Cholmcille	66
Foirne	68
Boscaí na Gaeltachta san Olltoghchán 2016	72

Focal Buíochais

Tá míle buíochas dlite don uile dhuine a chuidigh leis an eagrán seo den iris Biseach a thabhairt chun críche: Donncha Ó hÉallaithe agus an Coiste Eagarthóireachta a bhailigh an t-ábhar, do Sarah Ní Chonghaile a bhailigh agus a chóirigh na seanphictiúir, Conall Ó Murchadha agus Tom Hunter as Clódóirí CL a rinne an obair dheartha agus an leagan amach, Clódóirí CL féin a rinne an clóbbualadh, chuile dhream a thug fógraíocht dúinn, an Roinn Ealaíon Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta a thug cabhair dheontais agus chuile dhuine a thug ábhar agus pictiúir go flaithiúil agus go deonach. Ní bheadh an iris ann gan sibh.

Seosamh Ó Braonáin, Eagarthóir



An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs

Foilsithe le cabhair ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta